



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# Junior **CYCLE** for teachers



## Gaeilge T1

Eispéireas Foghlama Gairmiúil

2019 - 2020

## Clár

<b>Rannán 1: Gníomhaíochtaí don cheardlann / Am gairmiúil</b>	
Scáth Fearthainne: TFanna & Léamh	10
Scileanna léitheoireachta:	
SPREAGTHACH 1	11
SPREAGTHACH 2	12
SPREAGTHACH 3	13-14
SPREAGTHACH 4	15
Scil na léitheoireachta: Ceistiú éifeachtach	16
Acmhainn a fhiosrú	17
Spreagthaigh & ceistanna bunaithe ar Thacsanomaíocht Bloom	18
Taisce Focal 1	19-20
Taisce Focal 2	20
Scáth Fearthainne: TFanna & Scríobh	23
Scileanna scríbhneoireachta	24
Seánraí scríbhneoireachta	25
Intinní Foghlama & Critéir Ratha	29
<b>Rannán 2: Eolas &amp; áis tagartha</b>	
Príomhdhoiciméid & Ábhar Tacaíochta	3
Gluais ar théarmaí na sonraíochta	4-7
Eolas maidir le measúnú	8-9
Cruinniú AFMÁ	26-28
Torthaí Foghlama T1	30-31
MRB 1: Na Gnéithe Cáilíochta	32
MRB 2: Na Gnéithe Cáilíochta	32
MRB 1: Nóta Machnamhach	33
MRB 2: Nóta Machnamhach	33
<b>Rannán 3: Acmhainní don scoláire/teagasc &amp; póstaer</b>	
Cuir chuige don mhachnamh	21-22
Díchódú (Spreagthach 3)	13-14
Spreagthaigh & ceistanna bunaithe ar Thacsanomaíocht Bloom	18
Taisce Focal 1	19-20
Taisce Focal 2	20
Aipeanna	24
Gníomhphointí do mo chleachtas féin	34
Loga Foghlama & Dialann Mhachnaimh	35

# Príomhdhoiciméid & Ábhar Tacaíochta





Sonraíocht T1 ar fáil ar shuíomhanna CNCM: [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) / [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)



Liosta Molta don Chéad Bhlain



Imlitir 35/2018: Liosta Dualgais (2ú & 3úBI) & Imlitir 0068/2018



Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe & don Tasc Measúnaithe




Rannán na Gaeilge ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie)



Samplaí de shaothar scoláirí ar fáil ó [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)



Am Gairmiúil: Moltaí



[www.scoilnet.ie](http://www.scoilnet.ie)  
Treoir don ríomhphunann



CSS: Páipéir shamplacha



Físghabhálacha Scáileáin

---

# Gluais ar théarmaí na sonraíochta

---

## Torthaí Foghlama

---

Is ráitis iad na Torthaí Foghlama (TFanna) a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a thaispeáint i ndiaidh dóibh staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Is Torthaí Foghlama uilíocha iad, atá le baint amach ag gach scoláire ag a leibhéal cumais féin. Ag aon am ar leith, is féidir díriú ar eilimint(i) ar leith de na Torthaí Foghlama.

### Snáitheanna

Is éard is snáithe ann ná réimse ar leith den ábhar foghlama atá fite fuaite trí chúrsa. Tá trí shnáithe ann don Ghaeilge, Snáithe 1: Cumas Cumarsáide, Snáithe 2: Feasacht Teanga agus Chultúrtha agus Snáithe 3: Féinfheasacht an Fhoghlaim. Is é Cumas Cumarsáide príomhshnáithe na sonraíochta agus tacaíonn an dá shnáithe eile leis.

### Pleanáil leis na Torthaí Foghlama

Tosaíonn an pleanáil le roghnú na dTorthaí Foghlama. Ní mór Torthaí Foghlama as na trí shnáithe a chomhtháthú maraon le comhtháthú na gcúig scil teanga. Mar chuid den chur chuige comhtháite, roghnaítear TFanna ó na snáitheanna difriúla ar bhealach a thacóidh le foghlaim an scoláire san aonad foghlama. Mar shampla, seans go roghnófa TF amháin ó gach scil teanga sa Chumas Cumarsáide, thart ar TF amháin ó Shnáithe 2 agus TF amháin ó Shnáithe 3. Sa chaoi seo beidh feasacht teanga agus féinfheasacht an scoláire á bhforbairt tríd agus leis na scileanna cumarsáide, rud a threiseoidh na scileanna siúd dá bharr. Déanfar pleanáil ar an eispéireas foghlama sa chaoi go mbeidh aird ar leith á díriú ar thrí nó ceithre cinn de na TFanna agus go mbeidh na TFanna eile san aonad ag tacú leis an bhfoghlaim sin a chur chun cinn. Deartar an phríomhdheis mheasúnaithe ag deireadh aonaid chun measúnú a dhéanamh ar na príomhthorthaí foghlama a raibh aird ar leith á díriú orthu san aonad.

Beidh eolas ar réamhfhoghlaim na scoláirí mar threoir do roghnú na dTorthaí Foghlama. Déanfar measúnú foirmitheach, ar go leor bealaí éagsúla, atá ag teacht leis na Torthaí Foghlama agus ar a bhfuil foghlamtha ag na scoláirí, i rith gach ceacht agus i rith is ag deireadh gach aonad.

## Ailíniú

---

Cuimhnigh gur cheart go mbeadh an t-Eispéireas Foghlama agus na Deiseanna Measúnaithe in aonad foghlama ailínithe le pé Torthaí Foghlama atá roghnaithe. Eascraíonn na hIntinní Foghlama as na Torthaí Foghlama atá roghnaithe don aonad. Deartar tascanna/deiseanna measúnaithe bunaithe ar na hIntinní Foghlama chun fianaise a bhailiú ar an bhfoghlaim atá bainte amach i rith/ag deireadh aonaid. Beidh na Critéir Ratha don tasc/deis mheasúnaithe ailínithe leis na hIntinní Foghlama. Tabharfar aiseolas dírithe don scoláire trí thagairt a dhéanamh do na Critéir Ratha agus tugann an t-aiseolas sin ón múinteoir/óna chomhscoláirí ábhar machnaimh don scoláire ar an bhfuil bainte amach aige/le baint amach aige.

## Aonad Foghlama

---

Eascraíonn fócas leathan an Aonaid Foghlama as an téacs litríochta nó as gné den chultúr atá mar shíol an eispéiris foghlama. Dearfar an tAonad ag brath ar na Torthaí Foghlama a roghnaíonn an múinteoir le díriú orthu. Braithfidh na féidearthachtaí don bhfoghlaim agus don mheasúnú a eascraíonn ón Aonad ar réimse spéise agus cumais na scoláirí agus ar líon na dtascanna a roghnaíonn múinteoir(i) a dhéanamh laistigh den aonad. Tá solúbthacht ama i gceist le fad an Aonaid. **Nótaigh: Níl an tSonraíocht topaic-bhunaithe.**

## Comhtháthú na Litríochta

---

Sa Chéad Bhliain, leagfar bunchloch do shaothrú na litríochta sa dara agus sa tríú bliain. Gheobhaidh an scoláire blaiseadh de sheánraí éagsúla. Tugann an léitheoireacht agus an litríocht deiseanna foghlama nach

bhfuil ar fáil in áit ar bith eile. Tugann siad deiseanna do scoláirí teacht ar fhocail, nathanna agus struchtúir nua a chothaíonn sealbhú na teanga; teanga atá saibhir cruinn agus a bhfuil canúintí, saíocht agus oidhreacht na Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil inti. Tríd an gcur chuige comhtháite, tacaíonn an litríocht leis na torthaí foghlama a chur i ngníomh; ag cabhrú leis an scoláire an teanga agus litearthacht a shealbhú, le scileanna criticiúla agus cruthaitheachta a fhorbairt le tuiscintí cultúrtha a threisiú agus le forás pearsanta na scoláirí a chothú. Is ionann sin is a rá is go bhfuil an litríocht fite fuaite le gach rud eile atá ag dul ar aghaidh sa rang le comhthéacs teanga níos saibhre a fhorbairt, seachas gníomhaíochtaí an ranga a scaradh idir litríocht agus ceachtanna eile. Smaoinigí ar na téacsanna dílse:

- mar acmhainn agus foinse don dea-theanga agus don ghnáththeanga.
- mar fhoinsé do shaibhreas agus cruinneas na teanga.
- mar uirlis don chumarsáid a chur ar siúl sa rang.
- mar fhíordheis don labhairt, phlé agus idirghníomhú cainte.
- agus mar shíol an eispéiris foghlama.

Anuas air sin, is acmhainn thábhachtach í an litríocht don fhorbairt mhothúcháinach. Cruthaíonn téacsanna litríochta deiseanna don scoláire combhionannú le carachtair agus leis na mothúcháin atá á nochtadh sna téacsanna. Tacaíonn sé seo leis an scoláire foghlaim faoi nádúr na daonnachta agus faoina shaol féin. Tagann sé seo go mór leis an mbéim ar chúrsaí folláine sa tsraith shóisearach trí chéile. Tá ról ag gach ábhar i réimse na Folláine, an Ghaeilge san áireamh. Imríonn téacsanna litríochta (scannáin, gearrscéalta, amhráin, drámaí, dánta, úrscéalta agus araile) tionchar ar smaointe agus ar mhothúcháin an scoláire.

## Eispéireas Foghlama

---

Soiléirítear fócas an Aonaid Foghlama trí Eispéireas Foghlama a dhearadh. Tá sé tábhachtach eispéireas foghlama agus deiseanna measúnaithe a sholáthar a fhreastlóidh ar riachtanais dhifreálaithe na scoláirí. Céard is eispéireas foghlama ann? Is éard is Eispéireas Foghlama ann ná:

- iomlán na foghlama a tharlaíonn mar chuid den aonad foghlama ina ndéanann an scoláire dul chun cinn san eolas, sa tuiscint, sna scileanna agus luachanna atá le foghlaim/le forbairt de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus na ndeiseanna measúnaithe laistigh den aonad.
- obair aonair/obair bheirte/obair ghrúpa, roinnt eolais agus smaointe, comhoibriú, labhairt, scríobh, éisteacht, léamh & idirghníomhú.
- an fhoghlaim agus an dul chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí foghlama, ar thaighde, ar mheithealú agus ar smaointeoireacht chriticiúil sna snáitheanna ar fad.

## Pleanáil don eispéireas foghlama

Ba cheart go mbeadh eispéireas foghlama ar bith fiúntach, taitneamhach, dírithe ar réimse spéise agus ar chumais na scoláirí agus – fíorthábhachtach ar fad - bunaithe ar riachtanais dhifreálaithe na scoláirí. Agus múinteoir i mbun Eispéireas Foghlama na scoláirí a dhearadh ní mór dó na rudaí seo a leanas a dhéanamh. Cuimhnigh nach bhfuil i gceist ag leibhéal na roinne (féach an **Teimpléad Roinne** ar [www.ict.ie](http://www.ict.ie) sa rannán 'Pleanáil') ach réamhphlé ar roinnt smaointe a d'fhéadfadh a bheith úsáideach:

- Na pointí measúnaithe ar eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a roghnú agus tasc cuí a dhearadh
- Na céimeanna atá le tógáil chun dul i dtreo an phointe sin a liostáil
- Na scileanna a bheidh ag teastáil ó na scoláirí chun na céimeanna sin a thógáil a liostáil
- Na féidearthachtaí idirghníomhaithe a shamhlú
- Na féidearthachtaí úsáide teicneolaíochta a shamhlú

Is sa **Teimpléad Múinteora** a chuirfidh an múinteoir aonair na rudaí seo thuas in oiriúint dá rang-grúpa féin. Is féidir eispéireas foghlama a dhearadh ag baint leasa as téacsanna litríochta agus/nó as gné/gnéithe de chultúr na Gaeilge. Is feidir téacsanna tacúla a úsáid chun cur leis an bhfoghlaim nó mar bhunús na foghlama. .

# Intinní Foghlama

---

Eascaíonn Intinní Foghlama ó na Torthaí Foghlama (TFanna). Is ráiteas é an Intinn Foghlama a chruthaíonn an múinteoir nó a chomhchruthaíonn múinteoir agus scoláirí le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna; ráiteas a chuireann síos go soiléir ar an eolas a bheidh ag na scoláirí, ar a dtuigfidh siad, agus ar a mbeidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama. I gcodarsnacht le TFanna, atá an-leathan de bharr go gcuireann siad síos ar fhoghlaim uilíoch, bíonn Intinní Foghlama dirithe go sonrach ar fhoghlaim ar leith atá i gceist sa cheacht/sa tsraith de cheachtanna Tugann siad cuntas mionsonraithe ar an bhfoghlaim agus ar thascanna ar leith i gcomhthéacs foghlama an rang-ghrúpa ar leith atá i gceist.

## Critéir Ratha

---

Is cur síos iad na Critéir Ratha ar iarracht rathúil i dtasc. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Bíonn na Critéir Ratha nasctha leis na hIntinní Foghlama. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar an gcaighdeán foghlama.

**Tuilleadh Eolais/Tacaíochta: An Uirlis Úsáide um Mheasúnú (CNM)**

<https://www.ncca.ie/media/1934/ncca-junior-cycle-assessment-workshop-1-ga.pdf>

## Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

---

Beidh múinteoirí rannpháirteach i gcruinnithe **Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (Cruinnithe AFMÁ)**, áit a gcomhroinnfidh siad agus a bpléifidh siad samplaí measúnuithe a chéile ar obair scoláirí agus a dtiocfaidh siad ar thuiscint chomónta ar cháilíocht fhoghlaim scoláirí.

## Tuairiscíní

---

Déanann na Tuairiscíní cur síos ar cháilíocht obair an scoláire i gcás MRB 1 agus MRB 2. Tá ceithre thuairiscín ann:

*Níor chomhlíon na hionchais go fóill | Ag teacht leis na hionchais | Os cionn na n-ionchas | Thar barr ar fad*

## Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

---

Cuimseoidh an measúnú ar Ghaeilge do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) an dá Mheasúnú Rangbhunaithe (Punann Teanga & Tasc Cumarsáideach), Tasc Measúnaithe agus Scrúdú Deiridh. Ligfidh na Measúnuithe Rangbhunaithe don scoláire a chumais teanga, chumarsáide, idirghníomhaíochta agus feachtachta a léiriú ar bhealach nach bhféadfaí i scrúdú foirmiúil. Bainfidh na measúnuithe go dlúth leis an ngnáthobair ranga. Beidh Tasc Measúnaithe le déanamh tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu. Cuirfear an Tasc Measúnaithe seo chuig Coimisiún na Scrúdaithe Stáit (CSS) chun é a mharcáil mar aon leis an Scrúdú Deiridh (féach Ich 25 de Shonraíocht T2)

Úsáidfear tacar grád chun gnóthachtáil a thaifeadadh. Déanfaidh CSS na gráid seo a thuairisciú ar dtús i bhfoirm shealadach i Mí Mheán Fómhair i ndiaidh dheireadh an tríú bliain. Déanfar iad a dheimhniú ina dhiaidh sin agus cuirfear san áireamh iad i **Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)** atá le heisiúint ón scoil idir mí na Nollag 2019 agus mí Eanáir 2020. Is mar seo a leanas a chuirfear síos ar ghnóthachtáil an scoláire:

### Grádú an Scrúdaithe Deiridh:

---

**Gradam** (90 – 100%) | **Arduillteanas** (75 – 89%) | **Tuillteanas** (55 – 74%) | **Gnóthaithe** (40 – 54%)  
**Gnóthaithe go páirteach** (20 – 39%) | **Neamhghrádaithe** (0 – 19%)

# Measúnú Foirmitheach

---

“Sa mheasúnú i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheith ag múinteoirí tacú leis sin.”

(*Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T2), lch 24*)

**Tuilleadh eolais i gCiorclán na Roinne Oideachais & Scileanna 0055/2019:**

[https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0055\\_2019\\_ir.pdf](https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0055_2019_ir.pdf)

Is é Measúnú Foirmitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear modhanna foirmiúla/ neamhfhoirmiúla chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le linn an phróisis foghlama. Úsáidtear na modhanna seo chun na scoláirí a chothú agus chun an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais na scoláirí. Ligeann an próiseas do mhúinteoirí agus scoláirí eolas a bhailiú ar dhul chun cinn scoláirí agus cur chuige teagaisc an mhúinteora a leasú chun tacú le foghlaim an scoláire. Baineann Measúnú chun Foghlama (McF/AfL) le gnéithe uile an mheasúnaithe fhoirmithigh ach bíonn fócas ar leith ann ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina chuid foghlama.

## Machnamh

---

Baineann machnamh le smaoineamh agus cuimhneamh an scoláire ar ghnéithe den fhoghlaim. Mar ghnáthchleachtas rialta, tá an machnamh tábhachtach de bharr go spreagann sé scoláirí chun freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama. Músclaíonn machnamh féinfheasacht scoláirí ar an eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna atá á bhforbairt acu. Cothaíonn an machnamh scileanna féinmheastóireachta na scoláirí. Forbraíonn sé cumas scoláirí chun cáilíocht ina gcuid oibre a aithint agus tacaíonn sé le príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí a chur chun cinn, mar shampla Mé Féin a Bhainistiú agus Fanacht Folláin. Tá machnamh ar an bhfoghlaim mar bhunús don Tasc Measúnaithe agus, ar ndóigh, do na nótaí machnamhacha a ghabhann leis na MRBanna.


## Aiseolas

---

Is cuid lárnach don eispéireas foghlama é an t-aiseolas a fhaigheann an scoláire ar ais ón múinteoir nó óna chomhscoláirí maidir lena chuid oibre. Tugtar aiseolas dírithe don scoláire aonair/do ghrúpa scoláirí bunaithe ar na critéir ratha a bhain le tasc. Baineann múinteoirí leas as aiseolas chun foghlaim scoláirí a chur chun cinn. Léirítear i dtaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta go bhfuil an t-aiseolas ar cheann de na rudaí is tábhachtaí a dtig le múinteoir a dhéanamh chun tuiscint agus gnóthachtáil scoláirí a fheabhsú.

# Na Measúnaithe Rangbhunaithe

- Cuimseoidh an measúnú ar Ghaeilge do PGSS dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa tríú bliain.
- Bainfidh na measúnuithe go dlúth leis an ngnáthobair ranga.
- Trí na measúnuithe rangbhunaithe, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus é ag baint amach na dTorthaí Foghlama.
- Úsáidfear **Tuairiscíní** chun na MRBanna a mheas. Bainfead úsáid as na ráitis seo:  
*Níor chomhlíon na hionchais go fóill | Ag teacht leis na hionchais | Os cionn na n-ionchas | Thar barr ar fad*




## Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Teanga

Cruthaíonn an scoláire punann teanga le samplaí dá chuid saothair. Díríonn punann teanga ar an bpróiseas foghlama teanga agus bíonn an scoláire agus a thuras teanga féin ag croílár an teagaisc, an mheasúnaithe agus na foghlama. Tugann an phunann teanga deis don scoláire spriocanna pearsanta foghlama a leagan síos, a chuid oibre a thaispeáint, machnamh a dhéanamh ar an obair agus dul chun cinn a fheiceáil. Cruthaíonn an scoláire féin réimse leathan téacsanna sa phunann, mar shampla tionscnaimh, logaí foghlama, píosaí cruthaitheacha (dánta/amhráin agus araile a chum an scoláire) gíotaí machnamhacha, ábhair thaifeadta (closamhairc agus físe), cuir i láthair a rinne sé agus araile.

### Fianaise ar an bhfoghlaim:

Mar fhianaise ar an bhfoghlaim roghnaíonn an scoláire trí phíosa ón bpunann. Is gá píosa amháin fuaimne nó físe ar a laghad a roghnú. Ba cheart leas a bhaint as an litriocht (ón dara agus/nó ón tríú bliain) mar spreagadh do cheann amháin ar a laghad de na píosaí punainne a roghnófar. Déanann an scoláire cur síos faoi threoir ar na cúiseanna le roghnú pearsanta na dtrí phíosa oibre ina nótaí machnamhacha.



## Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach


Tugann an Tasc Cumarsáideach deis don scoláire ábhar, topaic nó saincheist ar spéis leis féin nó atá tábhachtach dó a roghnú agus a fhiosrú thar thréimhse ama. Tá béim láidir ar chumas labhartha agus idirghníomhaithe an scoláire agus ar an nasc le húsáideoirí teanga eile sa tasc seo. Is féidir leis an scoláire aon cheann de na formáidí seo a leanas a roghnú chun an tasc a chur i gcrích: cur i láthair, agallamh, ról-imirt, taispeántas nó comhrá mar fhreagairt ar spreagthach chun an tasc a chur i gcrích. Is féidir leis an scoláire obair ina aonar, le scoláire eile mar obair bheirte nó i ngrúpa don tasc seo. Ach, is gá a chinntiú go nglacann gach scoláire páirt/ról cinnte agus go gcuireann gach scoláire leis an tasc go fiúntach. Tugtar deis don scoláire:

1. cumarsáid agus comhoibriú trí Ghaeilge ag idirghníomhú lena chomhscóláirí, leis an múinteoir agus le húsáideoirí teanga eile,
2. scileanna teanga a fheabhsú,
3. scileanna ginearálta a fhorbairt (taighde a dhéanamh, bainistiú ama, féinbhainistiú, obair le daoine eile agus araile),
4. úinéireacht a ghlacadh ar an bhfoghlaim,
5. taitneamh a bhaint as an teanga.

Más spéis leis an scoláire tarraingt ar fhoinsí litriochta mar spreagadh dá thopaic/shaincheist is féidir téacsanna ó liosta litriochta an dara/tríú bliain a úsáid.

### Fianaise ar an bhfoghlaim:

Mar fhianaise ar an bhfoghlaim tugann an scoláire faoi thaighde agus ullmhúchán, déanann sé cur i láthair ranga gairid (3-4 noiméad) agus freagraíonn sé do cheisteanna ón múinteoir faoi (ceisteanna a bheadh ag eascairt 'go nádúrtha' as an gcumarsáid agus a chabhraíonn leis an scoláire a scileanna idirghníomhaithe cainte a léiriú) nó ó chomhscóláirí.





## AN TASC MEASÚNAITHE

Tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe nuair a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích aige. Cuirfear an tasc measúnaithe sin i gcrích tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus cuirfear é faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Is fiú 10% an Tasc Measúnaithe de na marcanna a úsáidfear chun an grad foriomlán a oibriú amach. Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe roinnt de na gnéithe seo a leanas nó gach ceann díobh:

- plé le spreagthach gearr i bhformáid amhairc, scríofa, fuaime nó chlosamhairc le hullmhú don tasc scríofa
- tasc scríofa ina dtástálfar an scoláire i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas (1) plé a dhéanamh ar an taithí atá aige ar roghnú, ullmhú agus ar chur i láthair don Tasc Cumarsáideach (2) a thuiscint ar an taithí sin agus a mheas uirthi (3) a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé tríd an Measúnú Rangbhunaithe. Tá tuilleadh eolais faoin Tasc Measúnaithe sna léaráidí thíos:

### An Dara MRB & Tasc Measúnaithe

An Dara MRB

➔

Machnamh an Scoláire

➔

Tasc Measúnaithe

- Bainfidh an TM leis na Torthaí Foghlama a mbeidh an dara MRB bunaithe orthu
- Ag leibhéal comónta
- Tréimhse ranga dhúbailte nó tréimhse dhá rang aonair
- **An chéad tréimhse ranga:** Dul i ngleic leis an ábhar spreagthach a chuireann CNCM ar fáil agus machnamh an scoláire ar an Tasc Cumarsáideach mar ullmhúchán chun an leabhrán freagraí a chomhlánú.
- **Sa dara tréimhse:** Comhlánófar an leabhrán freagraí (*pro-forma*)
- **Tráthchlár náisiúnta.** Roinnt solúbthachta ag scoileanna chun an dá thréimhse a roghnú chun é a chur i gcrích ach roimh lár an Dara Téarma sa Tríú Bliain agus taobh istigh de sheachtain tar éis MRB 2.
- Féach [Treoirinte](#), Lgh 28-29, agus Imlitir 0079/2018.

An tArdáil Shárthach do Mhúinteoirí  
**JuniorCYCLE**  
for teachers

### An Tasc Measúnaithe & CSS

Tasc Scríofa

Bunaithe ar MRB 2

CSS a mharcáillean

- Cuireann an scoil na leabhráin freagraí ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit de réir na socrúithe a leagann CSS síos
- Is fiú 10% den scrúdú deiridh é an Tasc Measúnaithe (TM)
- Cuirfidh CSS an marc a bhronntar don TM le chéile leis an marc a bhronntar as an scrúdú chun teacht ar an ngrad foriomlán don scrúdú stáit deiridh
- Beidh samplaí den TM, ábhair spreagthacha agus treoirinte faoin gcaoi leis an TM a reachtáil ar fáil ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)
- Achomhairc scoláire in aghaidh an ghráid a bronnadh as scrúdú stáit, an TM san áireamh, de réir na socrúithe reatha
- An scoil a phléifidh le ceisteanna faoi gach gné eile den PGSS

An tArdáil Shárthach do Mhúinteoirí  
**JuniorCYCLE**  
for teachers

## AN SCRÚDÚ DEIRIDH

Inniúlacht/scil á tástáil	Ard-leibhéal	Gnáth-leibhéal
Éisteacht i gcomhthéacs	✓	✓
Léamh i gcomhthéacs	✓	✓
Tascanna ceapadóireachta cumarsáide	✓	✓
Freagairt phearsanta/chumarsáideach do théacsanna litríochta	✓	✓


**Deireadh na tríú bliana**  
**90% den toradh ar an scrúdú deiridh; 10% don Tasc Measúnaithe (CSS)**  
**Páipéar Ardleibhéil**  
**Páipéar Gnáthleibhéil**  
**Fad: 2 uair a' chloig**  
**Ábhar/formáid inathraitheach**

## An Scrúdú Deiridh Deireadh na 3<sup>ú</sup> Bliana



Ualú:	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal
<b>Scileanna Gabhchumais</b> Éisteacht / Léitheoireacht	<b>35%</b>	<b>55%</b>
<b>Scileanna Ginchumais</b> Ceapadóireacht chruithaitheach / Feasacht teanga / Ardleibhéal amháin: Freagairt phearsanta do théacsanna litríochta*	<b>55%</b>	<b>35%</b>

## Torthaí Foghlama: Léamh



Nótaí faoi na TFanna eile



## SPREAGTHACH 1

### Nótaí SSM bunaithe ar mholtaí Gill faoi fhorbairt scileanna na léitheoireachta

Gill, Sharon, *Comprehension Matrix: A Tool for Designing Comprehension Instruction* (2008)

Ar fáil ó <https://www.scribd.com/document/351826068/gill-comprehension-matrix>

Léiríonn Gill (2008) go bhfuil neart fianaise sa taighde maidir le fiúntas straitéisí ar leith a úsáid chun scileanna léitheoireachta a fhorbairt ach, dar léi, níl na straitéisí sin in úsáid go forleathan i ranganna teanga. Is rud teibí í tuiscint an scoláire do chuid mhaith múinteoirí, a deir sí, agus tá go leor acu ag brath an iomarca ar lámhleabhar an mhúinteora a ghabhann le pé téacsleabhar a úsáideann siad leis an rang-ghrúpa. Cibé straitéisí tuisceana a dhéanann múinteoirí a theagasc, is minic gur ar mhaithe le measúnú suimitheach / ceisteanna scrúdaithe a mhúintear iad seachas ar mhaithe le scil na léitheoireachta a chur chun cinn.

Bíonn an nós ann tuiscint scoláire ar ábhar léitheoireachta a mheas ach gan na straitéisí tuisceana a theagasc roimh ré. Molann sí go mbeadh múinteoirí ag machnamh ar réimse ceisteanna a bheadh oiriúnach do thasc léitheoireachta ar leith agus iad ag planáil i gcomhair

- a) gníomhaíochtaí réamhléitheoireachta
- b) gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta agus
- c) gníomhaíochtaí iarléitheoireachta.

a) Dar léi bíonn réamheolas an scoláire mar bhunchloch na tuisceana .i. bíonn an tuiscint a bhaintear as an téacs ag tógáil ar an eolas atá ag an scoláire cheana. Cuireann na heispéiris a bhaineann siad ón téacs lena gcinn féin ón saol. Tagraíonn Gill do obair Smith (1975) a thugann sainmhíniú ar thuiscint ar eispéireas nua a cheangal lena bhfuil ar eolas agat cheana féin. Is í an aidhm atá ag gníomhaíochtaí réamhléitheoireachta, mar sin, ná suim a mhúscailt sna scoláirí agus réamheolas a chur ar fáil don mhúinteoir. Tógtar ar an réamheolas sin agus forbraítear tuiscint an scoláire ar an bhfiúntas a bhaineann leis an téacs a léamh. Ar an mbealach seo, tosaítear ar thuiscint an scoláire ar an téacs a fhorbairt sula dtugtar faoin léitheoireacht féin. Bíonn an léitheoir ag úsáid ‘nodanna don eolach’ (teideal, pictiúir, blurb srl.). Cruthaíonn an plé réamhléitheoireachta comhthéacs don léitheoireacht. Le suim agus réamheolas múscailte, bíonn an scoláire níos fearr in ann tabhairt faoin téacs a léamh.

b) Le linn na léitheoireachta, bíonn an scoláire ag machnamh ar bhealaí éagsúla: ag machnamh ar chomhréir, brí, foghraíocht, litriú; ag samhlú; ag smaoineamh ar naisc leis an saol; ag comhionannú le carachtar srl. Bíonn an scoláire ag tuar fiú. Diaidh ar ndiaidh, léann siad an téacs agus tuigeann de réir a chéile cé chomh cruinn is a bhí an tuar. Luann Gill an t-uafás bealaí eile chun an léitheoireacht a shaibhriú.

c) Maidir leis an iar-léitheoireacht, féadann an scoláire an téacs léitheoireachta a úsáid ar bhealaí éagsúla chun rud atá bunaithe ar an téacs a cheapadh: freagairt phearsanta, eagraithe fisgrafacha a chruthú agus loga foghlama. (Tá deiseanna ar an mbealach seo chun scileanna teanga a chomhtháthú lena chéile agus/nó go leor scileanna eile a chomhtháthú.) Ar an dóigh seo, déanann an scoláire rud a scríobh/tharraingt/chruthú i ndiaidh dóibh an téacs a léamh chun tuiscint s’acu ar ábhar/éirim an téacs a léiriú agus a dhaingniú.

## SPREAGTHACH 2

### Pleanáil an mhúinteora chun scileanna léitheoireachta an scoláire a fhorbairt (Leagan SSM ag eascairt as smaointeoireacht Gill)

- 1) Cad é an réamheolas atá ag na scoláirí ar an ábhar seo?
- 2) Cén stór focal atá de dhíth chun cuidiú leo a bhfuil sa sliocht a thuiscint?
- 3) An bhfuil gné den teanga/patrún teanga ann a chuideodh leis na scoláirí brí a bhaint as an sliocht dá mbeadh sé ar eolas acu roimh ré?
- 4) An bhfuil coincheapa i gceist sa sliocht ar cheart go dtuigfidis sula dtugann siad faoin sliocht a léamh?
- 5) Conas gur féidir liom suim na scoláirí a mhúscailt san ábhar seo?
- 6) Conas gur féidir liom cur ina luí ar na scoláirí go bhfuil an sliocht seo ábhartha dóibh?
- 7) Cén fiúntas a bhaineann leis an bpíosa seo i dtaca leis an aonad?
- 8) Cén gníomhaíochtaí a chabhróidh leis na scoláirí dul i ngleic leis an téacs?
- 9) An bhfuil codanna den téacs gur fiú a léamh faoi dhó nó níos minice ar mhaithe leis an bhfoghlaím?
- 10) An bhfuil an fhéidearthacht ann chun straitéisí díchódaithe a chur chun cinn?
- 11) Cad iad na straitéisí cuí atá ar intinn agam a thacóidh leis na scoláirí tabhairt faoin sliocht?
- 12) Céard iad na scileanna léitheoireachta inaistrithe ar mhaith liom go dtabharfadh na scoláirí leo go dtí an chéad phíosa léitheoireachta eile?

---

### Gníomhaíocht

**3 rud a d'fhoghlaim mé ón spreagthach a bhí agam:**

1)


2)


3)

**Rudaí a d'fhoghlaim mé ó na múinteoirí eile i mo ghrúpa:**

# Díchódú

1. Focal / nath nua a aithint toisc go bhfuil cuid den fhocal / nath ar eolas ag an léitheoir cheana féin
2. Buille faoi thuairim a thabhairt ar bhrí an fhocail / nath (bunaithe ar an gcomhthéacs)
3. Focal / nath a aithint atá gaolta le focal / nath i dteanga eile





Bhí an madra *ag tafann* i lár na hoíche in ard a chinn is a ghutha.

Thit sí *ina cnap* ar an urlár nuair a chuala sí an drochscéala.

Bhí an *t-ádh dearg* ar mo Mham nuair a tháinig a cuid uimhreacha aníos sa Lató aréir.

## Díchódú 2


Buile faoi thuairim a thabhairt ar bhrí an fhocail (bunaithe ar an gcomhthéacs)



Thug na turasóirí camchuairt ar an seaneaglais.  
(*'église'* sa Fhraincís)

Bhí brat na hÉireann á chrochadh ag an searmanas sollúnta.  
(*'la cérémonie'* sa Fhraincís)

Bhí blas álainn ar an *sailéad* úr a d'ith mé.  
(*'la salade'* sa Fhraincís & *'salad'* an Bhéarla)



## Díchódú 3

Focal / nath a aithint mar go bhfuil sé gaolta le focal / nath i dteanga(cha) eile

## SPREAGTHACH 4

### Cineálacha léitheoireachta agus straitéisí léamhthuisceana




**SRACLÉITHEOIREACHT:** Caitheann an léitheoir sracléachaint ar an téacs ag cuartú sonraí faoi leith, ar nós dátaí, ainmneacha, áiteanna agus rudaí.

**MEARLÉITHEOIREACHT:** Tugann an léitheoir spléachadh ar an téacs chun forbhreachnú ginearálta a fháil air. Is féidir le grafaicí, cló iodálach agus ceanteidil cuidiú leis an mearléitheoireacht.

**GRINNLÉITHEOIREACHT:** Díríonn an léitheoir aird ar leith ar théacs nó ar chuid de théacs (m.sh. móreachtra nó imeacht suntasach i scéal) chun mionsonraí a thabhairt faoi deara.

**ACHOIMRIÚ:** Tríd an straitéis seo cuireann an léitheoir an scéal agus/nó teachtaireacht an scéil in iúl ina chuid focal féin.

# 7 gCéim chuig Ceistiú Éifeachtach



## Fócas ar an bhFoghlaim

### Ceardlann 02

<https://www.ncca.ie/media/1935/ncca-junior-cycle-assessment-workshop-2-ga.pdf>




## Acmhainn a fhiosrú

**ABAIR**  
[www.abair.tcd.ie](http://www.abair.tcd.ie)

**CCEA**  
[www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

**COGG**  
[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

**101 NOVEL IDEAS**  
[www.tes.co.uk](http://www.tes.co.uk)



## Spreagthaigh & ceisteanna bunaithe ar Thacsanomaíocht Bloom

### Tacsanomaíocht Bloom chun tacú le ceistiú

	Eochairfhocail	Ceisteanna	Samplaí
<b>1</b> <b>EOLAS</b>	Inis... Aithin... Litrigh... Luaigh... Aibhsigh... Ainmnigh... Meaitseáil... Roghnaigh... Cad is brí le... Cuimhnigh ar... Déan liosta de... Cuir lipéad ar... Aimsigh an t-alt... Aimsigh an leathanach...	Cé _____ ? Cad é _____ ? Cén áit _____ ? Conas _____ ? Déan cur síos ar ____ ? Cad é _____ ? Cén uair _____ ? Cé mhéad _____ ? Cá bhfuil _____ ? Conas a tharla _____ ? Cathain a _____ ?	
<b>2</b> <b>TUISCINT</b>	Luaigh... Mínigh... Déan cur síos ar... Déan achoimre ar... Inis i d'fhocail féin... Mínigh a bhfuil i gceist le... Cuir (na heachtraí) in ord... Athscríobh i d'fhocail féin... Athscríobh sa chlaoninsint...	Inis i d'fhocail féin... Mínigh i d'fhocail féin... Cad é an príomhsmaoineamh? Cad iad na difríochtaí idir...? An féidir leat achoimre gairid a thabhairt ar...? Déan comparáid idir... Déan codarsnacht idir... Céard a bheadh le rá agat faoi...? Céard a chiallaíonn...? Céard í do thuiscint ar...? Cad a thuigeann tú le...?	
<b>3</b> <b>COMHTHÉACS</b>	Abair... Léirigh... Aimsigh... Taispeáin... Cuir i gcás... Samhlaigh... Faigh amach... Tabhair sampla de... Déan machnamh ar...	Cén bhaint atá ag ... le...? An bhfuil baint ag ...le...? An bhfuil cur amach agat ar chás eile ina...? An mbeadh réiteach eile agat ar an scéal? Cad a dhéanfa sa chás sin...? An ndéanfa aon rud difriúil? Cén tábhacht atá ag ...sa scéal?	

## Taisce focal 1:

### Ag úsáid foclóra chun do scileanna gabhchumais a fhorbairt

**An Foclóir Beag: foclóir Gaeilge-Gaeilge. Foclóir clóite agus ar fáil ar líne ag [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie).** Seo é an foclóir ina dtugtar an míniú duit as Gaeilge. Tá an foclóir seo ar fáil mar leabhar clóite nó mar chuid de [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie)

- Bain úsáid as an bhFoclóir Beag chun brí fhocail nua-fhoghlamtha a bhreacadh i do loga foghlama.
- Má tá níos mó ná brí amháin leis an bhfocal, tugtar an bhrí is coitianta ar dtús.
- Tugtar samplaí eile d'úsáid an fhocail mar chuid de nath. Féach an sampla thíos:

**bosca** *fir*4 aon ártach coinneála d'adhmaid, de mhíotal, de chairtchlár etc.

▶ **bosca ceoil** mileoidéan

▶ **bosca compáis** bosca a gcoinnítear compás loinge ann

▶ **bosca faoistine** bosca a n-éistear faoistiní ann

### Nodanna don scoláire faoi fhoclóir clóite a úsáid

- Bíonn foclóir in ord aibítire. Tosaíonn sé leis an litir A agus críochnaíonn le Z.
- Tugann an focal ar bharr an leathanaigh treoir duit chun teacht ar an bhfocal atá uait.
- Nuair atá tú ag cuardach brí fhocail (m.sh. focal nó nath as alt / as úrscéal srl), déan cinnte go bhfuil an litriú i gceart agat.
- Bíonn roinnt focal atá an-chosúil le chéile ach amháin go bhfuil fada ar cheann acu, m.sh. *lon* agus *lón*, *ait* agus *áit*. Tá brí na bhfocal seo an-éagsúil óna chéile!
- Bíonn níos mó ná brí amháin le roinnt focal. Is gá machnamh a dhéanamh ar cén bhrí atá i gceist sa chomhthéacs seo. Léigh na samplaí a thugtar san fhoclóir chun teacht ar an mbrí chuí.
- Breac an focal síos i do loga foghlama pearsanta leis an míniú as Gaeilge, más féidir.

### Breis Eolais

Uaireanta, feicfidh tú litreacha agus uimhreacha in aice leis na focail. Mar shampla **páirc b**. Tugann an *b* le fios go bhfuil an focal “páirc” baininsneach. Is giorrúchán é *b*, is é sin, leagan gearr den fhocal ‘baininsneach’. Seo thíos liosta de chuid de na príomhghiorrúcháin chun tús a chur leis an bhfoghlaím:

Giorrúcháin
copail = an chopail ‘is’ (Is / Ní / An? / Nach?)
f = firinsneach (nó m = masculine)
b = baininsneach (nó f = feminine)
ua = uatha (nó sg = singular)
iol = iolra (nó pl = plural)
aid = aidiacht (nó a/adj = adjective)
a/ainm = ainmfhocal (nó s/noun = noun)
br = briathar (nó v/verb = verb)
rfh = réamhfhocal (nó prep. = preposition)

### Foclóir Uí Dhómhnaill: Foclóir clóite Gaeilge-Béarla atá ar fáil ar [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie)

Tá an foclóir seo ar fáil mar leabhar clóite nó mar chuid de [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie):

- Tugtar príomhbhrí an fhocail Ghaeilge as Béarla.
- Tugtar samplaí ansin den fhocal i gcomhthéacs nó i nathanna coitianta



- I gcás ainmfhocail, tugtar an focal san uimhir uatha (sg) agus críoch an fhocail san uimhir iolra (npl)
- Tugtar inscne ar ainmfhocail (b = baininscneach, f = firinscneach)

### Nodanna don fhoghlaim chomhtháite:

Le **teanglann.ie** is féidir clliceáil ar *foghraíocht* chun éisteacht le fuaimniú an fhocail sna trí mhórchanúint: *U = Canúint Uladh; C = Canúint Chonnacht; M = Canúint na Mumhan.*

Tar éis duit dul sa tóir ar phríomhbhrí an fhocail san fhoclóir Gaeilge/Béarla, clliceáil ar an bh**Foclóir Beag** chun teacht ar mhíniú ar an bhfocal i nGaeilge. Scríobh síos an míniú as Gaeilge i do loga foghlama.

## Taisce focal 2:


### Ag úsáid foclóra chun do scileanna ginchumais a fhorbairt

#### Ag cuardach focail ar [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie): foclóir Béarla-Gaeilge

- Scríobh do rogha focail i mBéarla sa bhosca cuardaigh; clliceáil ar an gcnaipe cuardaigh.
- Tiofadh an focal Gaeilge aníos ar an scáileán.
- Bíonn níos mó ná brí amháin le roinnt focal, agus beidh focal Gaeilge difriúil i gceist i ngach cás. Mar shampla, má lorgaíonn tú an focal 'light', gheobhaidh tú dhá fhocal, *solas* agus *éadrom*. Is gá machnamh a dhéanamh ar cén bhrí atá i gceist sa chomhthéacs agat. Léigh na samplaí agus na nodanna a thugtar san fhoclóir chun teacht ar an bhfocal cuí.
- Tugtar samplaí ansin den fhocal i gcomhthéacs nó i nathanna coitianta

#### Cabhair d'fhoghlaim na gramadaí:

- Más ainmfhocal é an focal atá á lorg agat, tugtar inscne an fhocail duit (masculine/firinscneach, feminine/baininscneach)
- Má bhrúnn tú ar an inscne, osclaíonn tú bosca beag cabhrach eile leis an bhfocal san uimhir uatha, san uimhir iolra, sa tuiséal ginideach uatha agus sa tuiséal ginideach iolra
- I gcás na mbriathra, is féidir clliceáil ar an bhfocal 'verb' agus beidh tú in ann an briathar sin a fheiceáil sna haimsirí ar fad.



### Nodanna don fhoghlaim chomhtháite

Le **focloir.ie**, is féidir clliceáil ar C, M nó U chun éisteacht le fuaimniú an fhocail sna trí mhórchanúintí: *C = Canúint Chonnacht; M = Canúint na Mumhan; U = Canúint Uladh.* Tar éis duit éisteacht leis an bhfocal i do rogha canúna, déan an focal a chleachtadh. Is féidir dul go dtí an **Foclóir Beag** chun teacht ar mhíniú ar an bhfocal i nGaeilge. Scríobh síos an míniú as Gaeilge i do loga foghlama.


## Cuir Chuige don Mhachnamh



CINEÁL NA CUMARSÁIDE	CUIR CHUIGE	NATHANNA MACHNAIMH FÉIDEARHTHA
<p>Múinteoir/ Scoláire <b>Trasna na Tairisí</b></p> <p><i>Straitéis imeachta</i> is ea í seo. Cuireann an múinteoir ceist ar na scoláirí sula bhfágann siad an seomra nó iarrann sé orthu nóta gairid a scríobh ar post-it a chrochann siad ar an doras ar an mbealach amach dóibh</p>	<p><b>Trasna na Tairisí</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i> Cad a d'fhoghlaim tú sa rang inniu? Céard é an rud is mó a thaitin leat sa rang inniu?</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta amháin atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>D'fhoghlaim mé cúig fhocal nua sa rang seo.</li> <li>Tá mé in ann cur síos a dhéanamh ar thréithe carachtair anois.</li> <li>Inniu fuair mé amach conas daoine a chomhaireamh.</li> <li>Rinne mé iarracht stór focal nua a úsáid in obair bheirte le mo pháirtí.</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>Mar obair bhaile, táim chun an stór focal nua a scríobh i mo loga foghlama.</li> <li>Ba mhaith liom a thuilleadh a fhoghlaim faoi seo amárach.</li> <li>Tá mé chun na briathra san aimsir chaite a chleachtadh arís.</li> </ul>
<p>Múinteoir/ Scoláire <b>Soilse Tráchtá</b></p> <p>Iarrann an múinteoir ar na scoláirí a léiriú dó/di an dtuigeann siad an méid a rinneadh sa rang: Glas = Thuig go maith; Oráiste = Thuig mé cuid de; Dearg = Níor thuig mé é</p>	<p><b>Soilse Tráchtá</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i> An dtuigeann tú an méid a rinneamar sa rang inniu?</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta amháin atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá mé iomlán cinnte conas an aimsir láthreach a úsáid anois.</li> <li>Tuigim go maith an rud a rinne an múinteoir linn. Bhí sé éasca dom.</li> <li>Tá mé an-sásta mar tuigim conas...</li> <li>Níim iomlán cinnte faoi. Bhí cuid de deacair dom.</li> <li>Níor thuig mé gach rud a rinneamar inniu.</li> <li>Tá mearbhall orm anois.</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ba mhaith liom dul tríd arís chun é a thuiscint níos fearr.</li> <li>Cuirfidh mé ceist ar an múinteoir faoi amárach.</li> <li>Tá fúm é a chleachtadh chun a bheith níos cinnte faoi.</li> </ul>
<p>Múinteoir/ Scoláire <b>Clár Bán Bideach</b></p> <p>Úsáideann an scoláire an clár beag bán (ag baint leasa as scríbhneoireacht mhór) chun eolas/aiseolas nó tuairim a chur in iúl nó chun ceist a chur – is bealach simplí agus tapaidh é dul chun cinn an scoláire a fheiceáil.</p>	<p><b>Clár Bán Bideach</b></p> <p><i>Speagthach an mhúinteora:</i></p> <p>Mar shampla: Cén tsí bheatha atá ag ...? Cén cineál duine é an carachtar seo? Éist leis an amhrán agus breac síos na focail a aithníonn tú.</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<p><i>I gcás an spreagthaigh ar chlé, seans go mbeadh na freagraí seo a leanas i gceist:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Is siúinéir, altra, meicneoir é/í.</li> <li>Is duine gruama, greannmhar ...é/í.</li> <li>San amhrán ar éist mé leis, d'aithin mé na focail seo a leanas....</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>Caithfidh mé staidéar a dhéanamh ar...</li> <li>Teastaíonn cabhair uaim le...</li> <li>B'fhearr liom dá mbeadh stór focal breise agam chun cur síos ar níos mó tréithe / slite beatha.</li> </ul>

<p>Scoláire/ Scoláire</p> <p><b>Obair Bheirte</b> Tugann obair bheirte deis labhartha do gach duine sa rang ag an am céanna agus cuireann sé leis na deiseanna smaointeoireachta/ machnaimh atá ag scoláiri.</p>	<p><b>Obair Bheirte</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i> Cad iad na nathanna atá de dhíth chun cur síos ar an obair bheirte</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Chuir mo chara ceist orm.</li> <li>• D'fhreagair mé é/í</li> <li>• Thug mo phairtí nod dom.</li> <li>• Phléamar X lena chéile.</li> <li>• Roinneamar X lena chéile.</li> <li>• Spreag mo chara mé chun...</li> <li>• Ar dtús bhí mé ag brath ar mo chara ach d'fhoghlaim mé go raibh ...</li> <li>• Thugamar spreagadh dá chéile agus</li> <li>• Rith sé liom go raibh...</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Oscróidh mé rannán nua i mo loga foghlama ag plé obair bheirte.</li> </ul>
<p>Scoláire/ Scoláire</p> <p><b>Obair Ghrúpa</b> Bristear an rang i ngrúpaí agus tugtar ról faoi leith do gach duine laistigh den ghrúpa. Tagann feabhas ar scileanna éisteachta agus idirghníomhaithe na scoláirí dá bharr.</p>	<p><b>Obair Ghrúpa</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i> Cad iad na smaointe a rith libh agus sibh ag obair le chéile? An féidir libh iad a roinnt le chéile?</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta amháin atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ghlac mé ról an chathaoirigh/úrlabhraí/cumadóra/ tuairisceora/mhaoir ghramadaí.</li> <li>• D'éirigh go maith linn sa tasc.</li> <li>• Bhí gach duine páirteach san obair.</li> <li>• Chuir ... ag smaoineamh mé.</li> <li>• Chuidigh na critéir ratha linn díriú isteach ar an tasc.</li> <li>• Cheap mé go raibh tuairim X spéisiúil.</li> <li>• Chríochnaíomar in am.</li> <li>• Roinn mé mo thuairim leis an ngrúpa</li> <li>• D'aontaigh mé le... / níor aontaigh mé le...</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ní mór dúinn idirghníomhú níos fearr lena chéile.</li> <li>• Amach anseo, ba bhreá liom ról nua a ghlacadh.</li> <li>• An chéad uair eile táim chun rud éigin a rá / páirt níos gníomhaí a ghlacadh</li> </ul>
<p>Féinmheasúnú</p> <p><b>3-2-1</b></p> <p>Trí rud a d'fhoghlaim mé. Dhá rud ar chuir mé spéis iontu. Rud amháin gur gá dom díriú air.</p>	<p><b>3-2-1</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i> Breac síos <b>trí</b> nath/smaoineamh nua, <b>dhá</b> rud spéisiúil agus pointe <b>amháin</b> eile nach bhfuilim cinnte de go fóill</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta amháin atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• D'fhoghlaim mé (faoi)...</li> <li>• Fuair mé amach faoi X agus tuigim anois...</li> <li>• Chuir mé le mo scileanna ríomhaireachta/taighde.</li> <li>• Bhain mé taitneamh as...</li> <li>• Tá spéis as an nua agam i....</li> <li>• Mhóthaigh mé ar bís faoi ...</li> <li>• Is gá dom díriú ar an gcopail 'is'.</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Teastaíonn cabhair / cúnamh uaim le...</li> <li>• Úsáidfídh mé struchtúr a chuala mé sa scannán i mo chuid oibre féin.</li> </ul>
<p><b>Críochnaigh an abairt</b></p> <p>Tugann an múinteoir tús abairte do scoláirí chun iad a chur ag machnamh ar a gcuid foghlama</p>	<p><b>Críochnaigh an abairt</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i> Críochnaigh an abairt chun an rud a d'fhoghlaim tú a chur in iúl</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta amháin atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An rud ba thábhachtaí / shuimiúla a d'fhoghlaim mé ná...</li> <li>• Ceist atá agam faoin tasc ná...</li> <li>• Bhain/níor bhain mé sult as seo a fhoghlaim mar...</li> <li>• Scil a d'úsáid mé ná...</li> <li>• Rud deacair faoin tasc ná...</li> <li>• Rud a chabhraigh liom foghlaim ná...</li> <li>• Chuideodh sé liom dá...</li> <li>• Nasc a chothaigh mé leis an bpobal teanga ná...</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cabhraíonn tús abairte liom struchtúr a chur ar mo chuid smaointe</li> </ul>


**Torthaí Foghlama: Scríobh**



**Nótaí faoi na TFanna eile**

## Scileanna Scríbhneoireachta

**1.26:** téacsanna pearsanta agus foirmeálta, cruthaitheacha agus ilmhódacha san áireamh, a chruthú i réimse de stíleanna, réimeanna teanga, ag úsáid teanga agus stór focal cuí agus tuiscint á léiriú ar lucht a léite



### Aipeanna do phíosáí taifeadta: Féidearthachtaí

**Ráiteas Foghlama 24:** Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil.

 <b>Voki</b>	 <b>Puppet Pals</b>	 <b>Adobe Spark</b>
 <b>Clips</b>	 <b>Office 365</b>	 <b>Explain Everything</b>



## SEÁNRAÍ SCRÍBHNEOIREACHTA

<b>Téacsteachtairacht</b>	<b>Téacs ilmhódach</b>	<b>Blag</b>
<b>Scéal cruthaitheach</b>		
<b>Ríomhphost</b>	<b>Dialann</b>	<b>Alt iriseoireachta</b>
<b>Cuntas tuairisciúil</b>		
<b>Litir</b>	<b>Giocl</b>	<b>Díospóireacht/Óráid</b>

**Aidiachtaí**, Áiteamh, **Aontú/Easaontú**, Atmaisféar, **Beirt**, Beannú, **Blas nádúrtha**, Bréagnú, **Buaicphointe**, Casadh tobann sna himeachtaí, **Ceisteanna agus freagraí**, Tacú le do phointe, **Cúlra**, Cumarsáid fhoirmiúil, **Cumarsáid neamhfoirmiúil**, Cumarsáid ar líne, **Cuntas pearsanta**, Cur síos ar, **Dátaí**, Dearcadh, **Duine ina aonar**, Eolas a roinnt, **Fáth nó Cúis a lua**, Fíricí, **Físeáin**, Focal scoir, **Forbairt charachtair**, Fuaim, **Giorrúcháin**, Grianghraif, **Guth láidir pearsanta**, Insint Íomhánna, **Leantóirí**, Léitheoirí, **Líne an ábhair**, Lucht éisteachta, **Lucht an fhreasúra**, Machnamh, **Mionsonraí**, Moltóirí, **Mothúcháin**, Nuacht, **Pobal ar líne**, Príomhshonraí, **Samhlaíocht**, Scéal féinchumtha, **Seoladh**, Smaointe fánacha, **Smaointe pearsanta**, Staitisticí, **Straoiseoga**, Suíomh, **Téacs féinchumtha**, Teanga fhileata, **Teanga fhoirmeálta**, Teanga ghonta, **Teanga labhartha**, Teanga laethúil, **Teanga nádúrtha neamhfoirmeálta**, Tionchar, **Tuairimí pearsanta**, Tuairisc

**Agus Eile?** \_\_\_\_\_, \_\_\_\_\_, \_\_\_\_\_, \_\_\_\_\_, \_\_\_\_\_

## CRUINIÚ AFMÁ

<b>Roimh an gCruinniú AFMÁ</b>
<p><b><i>Dualgas na múinteoirí</i></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair scoláirí a mheas de réir na nGnéithe Cáilíochta</li> <li>• Breathnú ar shamplaí cuí anótáilte de chuid CNCM mar is gá (<a href="http://www.curriculumonline.ie">www.curriculumonline.ie</a>)</li> <li>• Taifead scríofa a dhéanamh ar an tuairiscín agus ar aon phointe ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach tagairt dó le linn an chruinnithe AFMÁ</li> <li>• Sampla amháin a shonrú, nuair is féidir, do gach tuairiscín, atá le húsáid ag an gcruinniú AFMÁ</li> <li>• Sonraí ar shamplaí oibre atá roghnaithe agat le haghaidh plé a chur isteach chuig an éascaitheoir roimh an gcruinniú AFMÁ</li> </ul>
<p><b><i>Dualgas an éascaitheora</i></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Samplaí oibre a thugann múinteoirí isteach a bhailiú agus a chóipeáil</li> <li>• Ord reatha a shocrú don chruinniú AFMÁ</li> <li>• Dhá pháosa ag leibhéal gach tuairiscín a roghnú le plé ag an gcruinniú, más ann dóibh. (8 bpáosa oibre .i. saothar ochtar scoláire ar fad)</li> </ul>
<b>Le linn an Chruinnithe AFMÁ</b>
<p><b><i>Dualgas na múinteoirí</i></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Sampla amháin a chur i láthair ag an leibhéal “Níor chomhlíon na hionchais go fóill”</li> <li>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpáosa oibre i gcomhar le chéile</li> <li>• Breithiúnas oibiachtúil a dhéanamh ar na páosaí oibre i dtaca leis na nGnéithe Cáilíochta</li> <li>• Nóta a bhreacadh de na himpleachtaí a bhaineann le cinntí a dhéantar le linn an chruinnithe</li> <li>• Díriú ar chur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ a ligeann do mhúinteoirí aontú ar na tuairiscíní is fóirsteanaí ‘ar an iomlán’ don obair atá á plé</li> <li>• An próiseas a leanúint, ar a sheal, i gcomhair sampla ag leibhéal na dtuairiscíní eile go léir</li> </ul>
<p><b><i>Dualgas an éascaitheora</i></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tús a chur leis an gcruinniú trí bhéim a chur ar leanúnachas breithiúnais agus ar chomhthuisctint faoi cháilíocht / chaighdeán foghlama na scoláirí</li> <li>• Tábhacht an chruinnithe a lua i dtaca leis an aiseolas a thabharfar do scoláirí</li> <li>• An plé ginearálta a threorú i dtaca le samplaí oibre agus le tuairiscíní agus nóta a ghlacadh de na cinntí a dhéantar</li> <li>• Iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú ach díriú mar sin féin ar eolas agus ar scileanna gairmiúla a fhorbairt</li> <li>• Deis a thabhairt do gach múinteoir páosa oibre amháin a chur faoi bhráid an chruinnithe, más féidir</li> </ul>
<b>Tar éis an chruinnithe AFMÁ</b>
<p><b><i>Dualgas na múinteoirí</i></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Meabhrú/athbhreithniú ar an measúnú a rinne siad ar obair a gcuid scoláirí i bhfianaise an chruinnithe AFMÁ</li> <li>• A dtuairiscíní deiridh a sheoladh isteach i gcomhair gach scoláire</li> <li>• An tuairiscín deiridh a roinnt leis an scoláire chomh luath agus is féidir tar éis an chruinnithe</li> <li>• An toradh a thuairisciú don tuismitheoir/chaomhnóir ag cruinniú tuistí/múinteoirí nó trí ghnáththuairisc scoile</li> </ul>
<p><b><i>Dualgas an éascaitheora</i></b></p> <p>Tuairisc an Éascaitheora a thiomsú agus a chur ar aghaidh chuig an bPríomhoide</p> <p>Machnamh a dhéanamh ar nithe a d'oibrigh go maith agus / nó ar rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú sa chéad chruinniú AFMÁ eile.</p> <p>D'fhéadfadh an tÉascaitheoir a iarraidh ar mhúinteoirí freisin, dá mba mhaith leo, roinnt dá gcuid samplaí de shaothar scoláirí a chur le taisce samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Chun cabhrú le múinteoirí nua a ionduchtú</li> <li>• Chun tacú le cruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo</li> <li>• Le húsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí agus an caighdeán oibre a baineadh amach á thaispeáint</li> </ul>

## An cruinniú AFMÁ

### (agus breithiúnas oibiachtiúil cinneadh “idir dhá chomhairle” a dhéanamh)

I rith an chruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairiscín ba chóir a chur i bhfeidhm, ba chóir don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad (nó beagnach iad ar fad) a bhaineann le tuairiscín ar leith. Cuireann cur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ ar chumas na múinteoirí sa chruinniú AFMÁ an tuairiscín is fearr a thagann ‘ar an iomlán’ leis an obair atá á meas a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid (féach ar Aguisín D sna Treoirínte) ar an gcruinniú athbhreithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile. Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile. (Lch.33, Treoirínte T2)



### Tuilleadh eolais faoin AFMÁ ar fáil ar shuíomh CNCM:

<https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/meas%C3%BAan%C3%BA-agus-tuairisci%C3%BA/cruinnithe-afm%C3%A1>

### Taighde a threoraíonn muid sa phleanáil don teagasc agus don fhoghlaim

Seo tagairtí do roinnt ábhar ó thaighdeoirí éagsúla atá luaite ag CNCM insan leabhrán ***Dírú ar an bhFoghlaim 05: Torthaí Foghlama***. Is fiú dúinn ar fad na tagairtí a léamh nó éisteacht leo. Is féidir teacht orthu ag na naisc thíos nó tuilleadh a léamh sa leabhrán thuasluaite.

#### An tOllamh John Hattie

Féach ar an bhfíseán seo de chuid John Hattie agus é ag míniú an luach a bhaineann le hintinní foghlama agus critéir ratha a úsáid (4 nóiméad 44 soicind) [https://www.youtube.com/watch?v=dvzeou\\_u2hM](https://www.youtube.com/watch?v=dvzeou_u2hM)

#### An tOllamh Andy Hargreaves


Éist leis an Ollamh Andy Hargreaves ag labhairt faoin bhfiúntas a bhaineann le hobair chomhghleacúil. <https://www.youtube.com/watch?v=9BZCPnw8rGQ&app=desktop>

#### An tOllamh Mark Priestley

Rinne CNCM coimisiúnú ar thaighde faoi stiúir an Ollaimh Mark Priestley ó Ollscoil Stirling ar an gcaoi ar tugadh torthaí foghlama céim chun tosaigh i dtíortha eile. Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán anseo: [https://www.ncca.ie/media/4017/learning-outcomes-an-international-perspective\\_ga.pdf](https://www.ncca.ie/media/4017/learning-outcomes-an-international-perspective_ga.pdf)

#### Michael Absolum

‘Ní ceart go mbeadh rudaí á foghlaim ag scoláirí ar mhaithe le curaclam a chlúdach. Ba chóir go mbeadh an tuisceant ar agus an nasc leis an bhfoghlaim atá le baint amach acu ábhartha dóibh.’ (Absolum, M. *Clarity in The Classroom*. Porter and Main Press. 2010, lch 92)



## Obair Scoláire i gcomhair Cruinniú AFMÁ: Teimpléad Múinteora

Ba chóir do gach múinteoir ceithre shampla d'obair na scoláirí a chur isteach le haghaidh an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Ba chóir go mbeadh **sampla de gach ceann de na ceithre leibhéal tuairiscíní** san áireamh, más ann dóibh.

Maidir le hord tábhachta i dtaca leis na píosaí a phlé ag an gcruinniú, uimhrigh na píosaí atá agat ó 1 – 4. Ba chóir gurb í uimhir a 1 an sampla is mó ar mhaith leat a phlé.

Seol do chuid samplaí chugam, le do thoil, le cóip den teimpléad seo roimh \_\_\_\_\_

Ainm an Mhúinteora: \_\_\_\_\_ Rang-ghrúpa: \_\_\_\_\_

<b>Sampla 1</b>	<p><b>Formáid:</b> <span style="float: right;"><b>Sampla á Roinnt trí:</b></span></p> <p><b>Topaic/Teideal:</b></p> <p><b>Tuairiscín Sealadach:</b></p> <p>Rogha Tuairiscín is fearr ag <input type="checkbox"/> AFMÁ:</p>
<b>Sampla 2</b>	<p><b>Formáid:</b> <span style="float: right;"><b>Sampla á Roinnt trí:</b></span></p> <p><b>Topaic/Teideal:</b></p> <p><b>Tuairiscín Sealadach:</b></p> <p>Rogha Tuairiscín is fearr ag <input type="checkbox"/> AFMÁ:</p>
<b>Sampla 3</b>	<p><b>Formáid:</b> <span style="float: right;"><b>Sampla á Roinnt trí:</b></span></p> <p><b>Topaic/Teideal:</b></p> <p><b>Tuairiscín Sealadach:</b></p> <p>Rogha Tuairiscín is fearr ag <input type="checkbox"/> AFMÁ:</p>
<b>Sampla 4</b>	<p><b>Formáid:</b> <span style="float: right;"><b>Sampla á Roinnt trí:</b></span></p> <p><b>Topaic/Teideal:</b></p> <p><b>Tuairiscín Sealadach:</b></p> <p>Rogha Tuairiscín is fearr ag <input type="checkbox"/> AFMÁ:</p>

## Intinní Foglama & Critéir Ratha: Smaoinigh, péireáil, roinn

**Smaoinigh (obair aonair):** Léigh na pointí thíos maidir le húsáid na gcritéar ratha. Cén trí phointe is mó a théann i bhfeidhm ort maidir leis an leas is féidir a bhaint as critéir ratha?

**Péireáil (obair bheirte):** Pléigh do thuairim(i) le comhghleacaí de do chuid.

**Roinn (obair ghrúpa):** I bhur ngrúpa ceathrair, an féidir aontú ar thábhacht na bpointí difriúla?

- Bíonn dlúthbhaint ag na critéir ratha leis na hintinní foghlama.
- Bíonn siad oscailte agus uailmhianach do gach aon scoláire.
- Baineann na critéir ratha leis na gníomhaíochtaí / tasc.
- Tá dhá chineál critéir ratha i gceist: critéir le linn an phróisis foghlama agus critéir bainteach leis an bpríomhdheis mheasúnaithe (an táirge deiridh / mórthasc an aonaid foghlama).
- Tuigeann na scoláirí na gnéithe is tábhachtaí den fhoghlaim a bheidh le baint amach acu – an fhoghlaim a bheith soiléir.
- Bíonn teanga na gcritéar ratha in oiriúint do na scoláirí.
- Caithfidh na critéir ratha a bheith inbhainte amach ag gach cineál scoláire.
- Nuair a chomhchruthaítear na critéir ratha i dteannta na scoláirí, spreagann siad an scoláire chun a bheith neamhspleách agus freagrach agus chun úinéireacht a ghlacadh ar an bhfoghlaim.
- Bíonn tuiscint níos fearr ag scoláirí ar thairbhe agus ar luach na gcritéar ratha nuair a bhaineann gach múinteoir i ngach ábhar úsáid astu.
- Úsáidtear na critéir ratha chun aiseolas a thabhairt do scoláirí.
- Is scafall iad don phiarmheasúnú agus don fhéinmheasúnú.

## NÓTAÍ

# Torthaí Foghlama T1

## SNÁITHE 1: CUMAS CUMARSÁIDE

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

#### GNÉ: Éisteacht

- 1.1 ábhair agus teachtaireachtaí na cumarsáide ar ghnáthluas a thuiscint
- 1.2 éisteacht chun brí nó sonraí faoi leith agus argóintí comhleanúnacha a thuiscint
- 1.3 seasamh agus meon cainteoirí (go díreach/go hindíreach) a aithint
- 1.4 teanga labhartha chruinn, shaibhir, chanúnach a thuiscint
- 1.5 idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge
- 1.6 píosaí éisteachta a roghnú go criticiúil agus iad a roinnt ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha

#### GNÉ: Léamh

- 1.7 úsáid a bhaint as raon straitéisí léitheoireachta, straitéisí dí-chódaithe san áireamh
- 1.8 dul i ngleic go criticiúil le raon leathan téacsanna\* Gaeilge ag úsáid stór focal agus teanga chuí
- 1.9 conclúidí/impleachtaí a bhaineann go díreach nó go hindíreach le hábhar téacs a fhiosrú
- 1.10 léiriú ar thaitneamh a bhaint as raon leathan téacsanna\* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt
- 1.11 rogha pearsanta de théacsanna\* a aimsiú, a fhiosrú agus a roinnt ar son taighde agus taitnimh
- 1.12 saintearmaíocht a aithint agus a thuiscint i réimse éagsúla téacsanna agus seánraí scríbhneoireachta
- 1.13 difríochtaí idirthéacsúla a fhiosrú agus a phlé i réimse téacsanna

#### GNÉ: Labhairt

- 1.14 téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa
- 1.15 comhrá a fhorbairt agus smaointe pearsanta a leathnú amach ar réimse leathan ábhar
- 1.16 focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chuí
- 1.17 Gaeilge shaibhir chruinn a úsáid (an teanga bheo agus leaganacha canúnacha teanga san áireamh) ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí
- 1.18 a stór focal pearsanta agus stór focal comhaimseartha ar ábhar ginearálta agus ábhar ar spéis leis féin a fhorbairt agus a shaibhriú

#### GNÉ: Idirghníomhú cainte

- 1.19 páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá
- 1.20 idirghníomhú go muiníneach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla
- 1.21 eolas, tuairimí agus dearcthaí a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú ag athinsint nó ag míniú mioneolais, mar is gá
- 1.22 dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuairisciú agus a tharraingt le chéile
- 1.23 smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine
- 1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
- 1.25 déileáil le deacrachtaí tuisceana ar mhaithe le cumarsáid a choimeád sa siúl

#### GNÉ: Scríobh

- 1.26 téacsanna pearsanta agus foirmeálta, cruthaitheacha agus ilmhódacha san áireamh, a chruthú i réimse de stíleanna, réimeanna teanga, ag úsáid teanga agus stór focal cuí agus tuiscint á léiriú ar lucht a léite
- 1.27 úsáid sholúbtha, chruthaitheach, spraiúil a bhaint as an teanga
- 1.28 úsáid a bhaint as scileanna eagarthóireachta mar chuid de phróiseas na scríbhneoireachta, dréachtú agus athdhréachtú san áireamh
- 1.29 freagairt phearsanta do théacsanna\* ag léiriú tuiscint chriticiúil ar stíl, ábhar, tuin, íomhánna an téacs

- 1.30 gnásanna na scríbhneoireachta m.sh litriú, poncaíocht, a aithint agus a úsáid
- 1.31 píosaí scríofa a chruthú agus a roinnt i bhformáidí éagsúla ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha
- 1.32 stíl scríbhneoireachta féin a fhorbairt ag baint úsáide as teanga chruinn, shaibhir (ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí)

## **SNÁITHE 2: FEASACHT TEANGA AGUS CHULTÚRTHA**

### **Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:**

#### **GNÉ: Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras**

- 2.1 ionchur saibhir cruinn a thabhairt faoi deara sna scileanna teanga uile agus eiseamláirí den dea-úsáid teanga a athúsáid
- 2.2 patrúin ghramadaí agus chomhréire na teanga a aithint agus a shealbhú
- 2.3 difríochtaí suntasacha gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, an Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas trasteanga a sheachaint
- 2.4 an réim chuí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide
- 2.5 earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna leo
- 2.6 litriú agus poncaíocht chruinn a aithint agus a úsáid
- 2.7 saibhreas canúnach na Gaeilge a aithint agus idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge ag tabhairt difríochtaí foghraíochta agus leaganacha canúnacha faoi deara

#### **GNÉ: Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga**

- 2.8 gné(ithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach
- 2.9 tionscnaimh/cuir i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

#### **GNÉ: Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais**

- 2.10 tuiscint a léiriú ar a bhfuil i gceist le bheith ilteangach
- 2.11 cultúir theangacha neamhforleathana a fhiosrú agus comparáid a dhéanamh idir theangacha

## **SNÁITHE 3: FÉINFHEASACHT AN FHOGHLAIMEORA**

### **Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:**

#### **GNÉ: Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimoir teanga**

- 3.1 stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama pearsanta a fhorbairt chun sealbhú scileanna inaistrithe teanga a éascú
- 3.2 déileáil go héifeachtach le haiseolas
- 3.3 deiseanna úsáide teanga sa phobal teanga a thapú

#### **GNÉ: Ag forbairt na foghlama féinriair**

- 3.4 cinntí neamhspleácha a dhéanamh mar fhoghlaimoir
- 3.5 féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn sna scileanna teanga ar fad
- 3.6 aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama
- 3.7 acmhainní teanga a úsáid (foclóirí, ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.) chun cruinneas agus saibhreas teanga a bhaint amach sa labhairt agus sa scríobh

#### **GNÉ: Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga**

- 3.8 tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith úsáid na teanga sa phobal teanga
- 3.9 céimeanna a ghlacadh a léiríonn spreagadh pearsanta chun cur le cruinneas agus le saibhreas na teanga

## MRB 1: Na Gnéithe Cáilíochta

Na Gnéithe Cáilíochta: Gaeilge T1 – Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann teanga	
<b>Thar barr ar fad</b>	Úsáid sciliúil, sholúbtha teanga chun teachtaireachtaí a chur in iúl go cruathaitheach agus le húire  Tá na teachtaireachtaí in oiriúint don spriocghrúpa don ócáid agus don chuspóir ó thús deireadh  Léiríonn na píosaí roghnaithe go bhfuil féinfhreagracht agus féinriar forbartha ar chaighdeán an-ard chun dul i ngleic le láidriú cruinneas agus shaibhreas na teanga
<b>Os cionn na n-ionchais</b>	Úsáid sciliúil, sholúbtha teanga chun teachtaireachtaí a chur in iúl go cruathaitheach  Saothar ina léirítear na gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhírú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.
<b>Ag teacht leis na hionchais</b>	Úsáid éifeachtach teanga chun teachtaireachtaí a chur in iúl go soiléir, sothuigte  Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhírú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.
<b>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</b>	Úsáid theoranta teanga a bhfuil doiléireacht teachtaireachta mar thoradh uirthi  Easpa tuiscéana ar an spriocghrúpa, ar an ócáid agus ar an gcuspoir le sonrú ó thús deireadh i ngach tasc  Teanga bhríste, theoranta le hearráidí agus botúin leanúnacha le sonrú sa chomhréir agus sa ghramadach

*Cuirfead na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barantúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo*

- *D'fhéadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta*
- *Foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe mar is cuí, sna treoirilinte measúnaithe*
- *Foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)*

## MRB 2: Na Gnéithe Cáilíochta

Na Gnéithe Cáilíochta: Gaeilge T1 – Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach	
<b>Thar barr ar fad</b>	Cumarsáid nádúrtha agus spontáineach ar chaighdeán an-ard le saibhreas teanga agus le stór focal fairsing, ábhartha in úsáid a léiríonn sarfhúscint ar luas agus rithim nádúrtha na teanga  Sáthfúscint léirithe ar an spriocghrúpa agus an teanga úsáidte go sciliúil ag labhairt agus ag freagairt don spriocghrúpa go cumasach, ábhartha
<b>Os cionn na n-ionchais</b>	Caighdeán an-ard maidir le feasacht agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga. Tugtar faoi fhéincheartú nuair agus mar is gá  Cumarsáid an-mhaith, le gnéithe de spontáineacht, agus de shaibhreas teanga le sonrú, mar aon le stór focal leathan in úsáid, a léiríonn tuiscint an-mhaith ar luas agus rithim nádúrtha na teanga  An-tuiscint léirithe ar an spriocghrúpa agus an teanga úsáidte go cumasach ag labhairt agus ag freagairt don spriocghrúpa go cumasach
<b>Ag teacht leis na hionchais</b>	Ardchaighdeán maidir le feasacht agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga. Tugtar faoi fhéincheartú go rialta ach tionchar an Bhéarla le sonrú anseo is ansíúd  Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhírú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.
<b>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</b>	Cumarsáid stadach le bearnaí móra sa stór focal agus botúin leanúnacha le tuin, béim agus fuaimniú focal  Easpa tuiscéana ar an spriocghrúpa agus easnamh bhunúsacha le sonrú ar an labhairt agus ar an bhfreagairt ó thús deireadh  Teanga theoranta, bhríste in úsáid le heaspa feasachta ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga a léiríonn tionchar an Bhéarla go forleathan



## MRB 1: An Nóta Machnamhach

Punann Teanga: Teimpléad do Nóta Machnamhach an scoláire

<b>SCOIL:</b>	<b>SCOLÁIRE:</b>
<b>ROGHNAIGH MÉ AN PÍOSA SEO MAR ...</b>	
<p><b>MACHNAMH AR MO CHUID OIBRE</b></p> <p>RUDAÍ A D'FHOGHLAIM MÉ FAOIN TEANGA AGUS MÉ AG TABHAIRT FAOIN TASC<sup>c</sup></p> <p>GNÉ AMHÁIN A THUIGIM GO GCAITHFIDH MÉ DIRIÚ ISTEACH UIRTHI ANOIS:</p>	
<b>SCOLÁIRE:</b>	<b>MÚINTEOIR:</b>
	<b>DÁTA:</b>

Ag diriú anseo ar an bhfeasacht teanga agus ar an bhfeinfeasacht mar fhoghlaimoir teanga


## MRB 2: An Nóta Machnamhach

Tasc Cumarsáideach: Teimpléad do nóta machnamhach an scoláire

<b>SCOIL:</b>	<b>SCOLÁIRE:</b>
<b>ÁBHAR/TOPAIC:</b>	
<b>CÉARD A CHUIDIGH LIOM AGUS MÉ AG ULLMHÚ DON TASC SEO:</b>	
<b>MACHNAMH PEARSANTA AR AN TASC CUMARSAIDEACH</b>	
RUDAÍ A D'FHOGHLAIM MÉ FAOIN TEANGA AGUS MÉ AG TABHAIRT FAOIN TASC <sup>c</sup>	GNÉ AMHÁIN A THUIGIM GO GCAITHFIDH MÉ DIRIÚ ISTEACH UIRTHI ANOIS:
<b>SCOLÁIRE:</b>	<b>MÚINTEOIR:</b>
	<b>DÁTA:</b>

Ag diriú anseo ar an bhfeasacht teanga agus ar an bhfeinfeasacht mar fhoghlaimoir teanga

## Gníomhphointí do mo chleachtas féin

Gníomhphointí	An tseachtain seo	An mhí seo:	An téarma seo:
<p><b>Príomhdhoiciméad amháin a bhfuil mé chun é a léamh ná:</b></p> <p><b>Acmhainn amháin atá mé chun leas a bhaint as i mo rang ná:</b></p> <p><b>Suíomh idirlín amháin a bhfuil mé chun é a fhiosrú ná:</b></p> <p><b>Cur chuige nua amháin sa teagasc/don fhoghlaim a bhfuil mé chun leas a bhaint as i mo rang ná:</b></p>			
	<p style="text-align: center;"><b>An bhfuil tú ar an liosta seachadta chun cora poist a fháil uainn?</b></p> <p style="text-align: center;"><b>Chun clárú:</b> Téigh chuig <a href="http://www.ict.ie">www.ict.ie</a> nó lean an cód QR seo</p>		

# Loga Foghlama v Dialann Mhachnaimh

## Loga Foghlama

Tuairisc / cur síos / liostáil ar an bhfoghlaim a thit amach, m.sh.

### Nótaí Foghraíochta:

An difríocht i bhfuaimniú focail a chríochnaíonn i gconson leathan san uatha agus i gconson caol san iolra:

- Bád; báid leabhar; leabhair
- Bothán; botháin bord; boird
- Fear; fir cleachtas; cleachtais

Líosta stór focal / nathanna a d'fhoghlaim mé on ngearrséal seo:

- A leithéid de ráiméis!
- Nach ionann an dá rud?
- Spreagúil, spíonta, baois, gaois

Rialacha gramadaí faoin séimhiú a thug mé faoi deara sa ghearrséal seo ná:

- I nGaeilge Dhún na nGall, cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ar an /faoin/ leis an srl. Mar shampla: faoin ghra; ar an bhothar / leis an chailín

## Dialann Mhachnaimh

Smaointe pearsanta faoin bhfoghlaim, m.sh.

- Faoi láthair, tá gearrscéal ar siúl againn sa rang. Inniu agus muid á léamh dhíommar aird ar thri struchtúr eagsúla chun gairm/cineál duine a chur in iúl:


- 1) Garraíodóir is ea Danny.
- 2) Fear deas atá ann. / Altra atá inti.
- 3) Is duine caoin cneasta í Aoife.

- Dúirt an múinteoir linn go bhfuil cuid againn ag teacht faoi anáil an Bhearla agus ag baint úsáide as an mbriathar 'a'se/sj' nuair ba chéart dúinn 'X' atá ann/Inti no an chopail ('is... é/í') a úsáid.

- Tá mé chun iarracht a dhéanamh na struchtúir thuas a thabhairt faoi deara nuair a úsáideann an t-údar iad sa ghearrséal seo. Cuirfidh me líne faoi na struchtúir a thaitníonn liom agus déanfaidh mé iad a chleachtadh le mo pháirtí sa rang.

- De ghnáth, bainim úsáid as an struchtúr 'X is ea é/í'. Tá se mar aidhm ggam tosnú ag baint úsáide níos minicí as an dá struchtúr éile chomh maith.

# NÓTAÍ



## Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)

Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna

### Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin | Bóthar Ard Mhacha | Muineachán  
Teil.: (047) 74008

### Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan  
Teil.: (042) 936 4603

Féach rannán na Gaeilge ar: [www.jct.ie](http://www.jct.ie)

### Córas Giolcaireachta:

@jctGaeilge | @JCforTeachers | #JCGaeilge



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**  
for teachers